Na Príomhchéimeanna atá le Glacadh d'fhonn Comhlíontacht GDPR a Chinntiú

Sainaithin na sonraí pearsanta atá á gcoinneáil agat (is féidir é seo a dhéanamh tríd an bhfaisnéis a liostáiltear in Alt 30 den GDPR a leagan amach, nó i gcás cuideachtaí níos lú, trí thabhairt faoi phróiseas saincheaptha, amhail an teimpléad atá faoi iamh lena sainaithnítear mionsonraí na sonraí pearsanta atá á gcoinneáil).

Measúnú riosca a dhéanamh ar na sonraí pearsanta atá á gcoinneáil agat agus ar na gníomhaíochtaí próiseála sonraí a dhéanann tú (Alt 24, Aithris 75, an mír a bhfuil an teideal "Cur chuige bunaithe ar riosca i ndáil le GDPR a chomhlíonadh" uirthi).

Bearta teicniúla agus eagraíochtúla cuí a chur chun feidhme chun a chinntiú go ndéanfar sonraí (i gcomhaid dhigiteacha agus ar pháipéar) a stóráil go sábháilte. Beidh na bearta slándála ar cheart duit a chur i bhfeidhm i do ghnó ag brath ar na cineálacha sonraí pearsanta atá á gcoinneáil agat agus an riosca a bheadh ann do do chustaiméirí agus do d'fhostaithe sa chás go mbeadh na bearta slándála i mbaol (Alt 32).

Bí ar an eolas maidir leis an mbunús dlí ar a bhfuil tú ag brath (toiliú? conradh? leas dlisteanach? Oibleagáid dhlíthiúil?) chun údar a thabhairt leis na sonraí pearsanta a phróiseálann tú (Alt 6 - Alt 8).

Déan cinnte nach bhfuil ach íosmhéid na sonraí pearsanta a theastaíonn chun do chuid gnó a chur i gcrích á bhailiú agat, go bhfuil na sonraí cruinn agus nach gcoinnítear iad níos faide ná mar a theastaíonn chun na críche dár bailíodh iad (Alt 5).

Bí trédhearcach le do chuid custaiméirí faoin údar a bhfuil a gcuid sonraí pearsanta á mbailiú agat, faoi na húsáidí sonracha a mbainfear astu, agus faoin achar ama a mbeidh ort a gcuid sonraí a choinneáil ar taifead (e.g. fógraí ar do láithreán gréasáin nó comharthaí ag pointí díolacháin) (Ailt 12, 13 agus 14).

Deimhnigh cibé a bhfuil nó nach bhfuil na sonraí pearsanta a phróiseálann tú ag teacht faoi na catagóir speisialta (íogair) sonraí pearsanta agus má tá, bíodh na réamhchúraimí breise a mbeidh ort a ghlacadh ar eolas agat (Alt 9).

Déan cinneadh ar cibé an mbeidh ort seirbhísí Oifigigh Cosanta Sonraí a fháil (Alt 37).

Bí in ann déileáil le hiarrataí ó úsáideoirí seirbhísí ar mian leo a gcearta faoin GDPR a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear an ceart rochtana, an ceart go ndéanfaí ceartúcháin, an ceart go ndéanfaí léirscriosadh, an ceart chun toiliú a tharraingt siar, an ceart chun iniomparthacht sonraí agus an ceart agóid a dhéanamh in aghaidh próiseáil uathoibrithe (Alt 12 - Alt 22).

Bíodh doiciméid bheartais agus/nó nósanna imeachta atá cothrom le dáta agat.

ARC
Awareness raising campaign for SMEs

Co-funded by the Rights, Equality and Citizenship Programme of the European Union (2014-2020)

An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Data Protection Commission